

Creat Dlíthiúil maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta

Is é [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear [Rialachán \(CE\) Uimh. 45/2001](#) agus [Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE](#), an bunús dlí atá leis an gcreat seo.

An 1 Feabhra 2012 ghlac Cúirt Iníúchóirí na hEorpa rialacha cur chun feidhme de bhun [Rialachán \(CE\) 45/2001](#) (cf. [Cinneadh Uimh.°11/2012 an 1/2/2012](#)).

Seo reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint príobháideachais:

- [An Conradh ar an Aontas Eorpach](#)
- [Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh](#)

Aithníonn an tAontas Eorpach na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach sa chairt, lena ndeonaítear ceart ar leith maidir le cosaint sonraí pearsanta den chéad uair riamh.

- [RIALACHÁN \(AE\) 2016/679 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 27 Aibreán 2016](#) (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – “RGCS”)

maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear [Treoir 95/46/CE](#)

- [TREOIR \(AE\) 2016/680 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AN 27 AIBREÁN 2016](#) maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle
- [Rialachán \(CE\) 45/2001](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin” (an seanrialachán a bhí infheidhme maidir le hInstitiúidí, Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí AE).
- [Treoir 95/46/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an treoir a bhí infheidhme laistigh den AE roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS))
- [Treoir 2002/58/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonáí (an Treoir maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach).
- [Treoir 1999/93/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 maidir le creat Comhphobail le haghaidh sínithe leictreonacha
- [Rialachán \(AE\) 910/2014](#)

maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE

- **Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001**
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag Rialachán 1049/2001 maidir leis an gCúirt Iniúchóirí, rinne an Chúirt an cinneadh seo a leanas atá infheidhme ón 1 Márta 1997
- **Cinneadh CIE Uimh. 18/97**
lena leagtar síos rialacha inmheánacha maidir leis an gcaoi a gcaitear le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh na Cúirte
- **Cinneadh CIE Uimh. 12/05 an 10 Márta 2005**
lena sainítear na coinníollacha, teorainneacha agus nósanna imeachta is infheidhme maidir le rochtain an phobail ar dhoiciméid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), agus lena n-aisghairtear Cinneadh CIE Uimh. 18/97
- **[Cinneadh Uimh. 14/2009](#)** lena leasaítear Cinneadh CIE Uimh. 12/05 i dtaca le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid na Cúirte
- **Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle**
an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal
- **Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1700/2003 ón gComhairle**
an 22 Meán Fómhair 2003 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal
- **An Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint**
de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag Comhairle na hEorpa cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a aithint, a chothabháil agus a chosaint, amhail an ceart go ndéanfar saol príobháideach duine a urramú
- **Coinbhinsiún 108 Chomhairle na hEorpa**
Tugann sé cosaint do chearta agus do shaoirsí bunúsacha gach duine, go háirithe an ceart go n-urramófar príobháideachtas, i bhfianaise an mhéadaithe ar shreabhadh trasteorann na sonraí pearsanta a bhíonn á bpróiseáil go huathoibríoch
- **Treoir 2006/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006**
maidir le coinneáil sonraí arna nginiúint nó arna bpróiseáil i dtaca le soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí nó soláthar líonraí cumarsáide poiblí agus lena leasaítear Treoir 2002/58/CE
- **Treoir 2009/136/CE** lena leasaítear **[Treoir 2002/22/CE](#)** maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, **[Treoir 2002/58/CE](#)** maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí agus **[Rialachán \(CE\) Uimh. 2006/2004](#)** maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú
- **[Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle](#)** an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach)
- **[Treoir 97/66/CE](#)** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil teileachumarsáide, ar cuireadh Treoir 2002/58/CE ina hionad

- **Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle** an 27 Samhain 2008 maidir le sonraí pearsanta a chosaint faoi chuimsiú an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla; níl feidhm aige a thuilleadh, agus cuireadh [Treoir \(AE\) 2016/680](#) ina ionad

Doiciméid ábhartha eile

- [Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach](#)
- [Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach](#)